AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA
SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 1999

# STAIR - GNÁTHLEIBHÉAL

753

(400 marc)
DÉARDAOIN, 10 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 5.00

*Ná freagair ach as AON CHÚRSA AMHÁIN (Cúrsa I nó Cúrsa II).*
Feicfear go bhfuil uasmhéid ama á mholadh do gach ceist ar leith. Tá am chun léitheoireachta agus chun athbhreithniúcháin le háireamh san uasmhéid sin.

## CÚRSA I
**Sibhialtacht an Renaissance**
**(Stair na hÉireann, 1477-1625; Stair na hEorpa, 1453-1618)**
Freagair **GACH** ceann de na ceisteanna **A,B,C,D,E,F.**
Do stair na hÉireann a thagraíonn **A, B** agus **C;** do stair na hEorpa a thagraíonn **D, E** agus **F.**

### A
(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)
*Freagair go hachomair OCHT gcinn díobh seo a leanas. Is fiú 5 marc an ceann iad. Is leor abairt nó dhó i ngach cás.*

1. Na daoine go raibh cónaí orthu sa Pháil i dtús thréimhse na dTúdarach, cén fáth ar íoc siad *cíos dubh*?
2. Tabhair cúis AMHÁIN leis an aighneas a bhí ann idir Gearaltaigh Chill Dara agus Buitléirigh Urmhumhan.
3. Ainmnigh mí-úsáid AMHÁIN cumhachta a bhí ar siúl san eaglais in Éirinn roimh an Reifirméisean.
4. Cén fáth ar thóg Anraí VIII an teideal *Rí ar Éirinn* sa bhliain 1541?
5. Cérbh iad na *gallóglaigh*?
6. Cad a thuigtear le hImshocraíocht Chonnacht, 1585?
7. Maidir le parlaimintí áirithe i dtréimhse na dTúdarach, deirtear go raibh siad *pacáilte*. Cén bhrí atá leis sin?
8. Ainmnigh TRÍ ábhar a ndéantaí a onnmhairiú as Éirinn i dtréimhse na dTúdarach.
9. Cén fáth ar cuireadh an tAthair David Wolfe, Cumann Íosa, go hÉirinn sa bhliain 1560?
10. Cén fáth a raibh tábhacht ag baint le Gráinne Uí Mháille i stair Chonnacht sa 16ú haois?
11. Cén fáth ar bhunaigh Eilís I Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, sa bhliain 1592?
12. Ainmnigh tarlachtaint AMHÁIN ba chiontach le titim Sheáin Uí Néill.
13. Mínigh go hachomair an difríocht a bhí idir *Sean-Ghaill* agus *Nua-Ghaill* sa 16ú haois in Éirinn.
14. Cén fáth ar éirigh bailte móra ar chósta na hÉireann rachmasach i rith tréimhse do chúrsa staire?
15. Ainmnigh Éireannach cáiliúil amháin a ghlac páirt i dTeicheadh an nIarlaí.

### B
(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)
*Scríobh alt gairid i dtaobh gach ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas. Is fiú 20 marc an ceann iad.*

1. Sir Edward Poynings in Éirinn.
2. *Géilleadh agus Athbhronnadh.*
3. Plandáil Laoise agus Uíbh Fháilí.
4. An turas a thug Seán Ó Néill ar chúirt na bainríona Eilís I.
5. Armáid na Spáinne agus Éire.
6. Coláistí na nGael ar an Mór-Roinn sa 16ú haois agus i dtús an 17ú haois.

### C
(Uasmhéid ama a mholtar: 50 nóiméad)
*Déan trácht ar gach ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas. Is fiú 60 marc an ceann iad.*

1. Meathlú agus titim Theaghlach Chill Dara faoi Ghearóid Óg agus Tomás an tSíoda.
2. Na polasaithe creidimh a cuireadh i bhfeidhm in Éirinn faoi GACH duine de na monairc Thúdaracha seo a leanas:
   (i) Anraí VIII.
   (ii) Eadbhard VI.
   (iii) Máire Túdar.
3. Éire na nGael faoi GACH ceann de na ceannteidil seo a leanas:
   (i) Bia, éadaí agus tithíocht.
   (ii) Feirmeoireacht.
   (iii) Nósanna sóisialta agus caitheamh aimsire.
4. Plandáil na Mumhan faoi GACH ceann de na ceannteidil seo a leanas:
   (i) Cúiseanna leis an bplandáil.
   (ii) An chaoi ar cuireadh an phlandáil i bhfeidhm.
   (iii) Torthaí na plandála.
5. An pháirt a ghlac Aodh Ó Néill, Iarla Thír Eoghain, i gCogadh na Naoi mBliana.
6. Éire faoi réimeas Shéamas I (1603-1625).

## D

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)

*Freagair go hachomair OCHT gcinn díobh seo a leanas. Is fiú 5 marc an ceann iad. Is leor abairt nó dhó i ngach cás.*

1. Ainmnigh slí AMHÁIN ar chuir Lughbhaidh XI leis an gcumhacht ríoga sa Fhrainc.
2. Ainmnigh éacht AMHÁIN a rinne an taiscéalaí Portaingéileach, Vasco da Gama.
3. Cén fáth a ndearna Séarlas VIII na Fraince ionradh ar an Iodáil sa bhliain 1494?
4. Ainmnigh comhairle AMHÁIN a thug Machiavelli don rialaitheoir uaillmhianach ina leabhar *An Prionsa*.
5. Cén fáth ar bhronn an Pápa an teideal *Defensor Fidei* (*Cosantóir an Chreidimh*) ar Anraí VIII sa bhliain 1521?
6. Ainmnigh slí AMHÁIN ar chuidigh forbairtí i mbaincéireacht le fás na trádála sa 16ú haois san Eoraip.
7. Cad a bhí i gceist ag Calvin le *réamhchinniúint*?
8. Cén fáth ar tugadh an t-ainm *Máire na Fola* ar Mháire Túdar?
9. Ainmnigh slí AMHÁIN ar chuidigh na hÍosánaigh leis an bhFrith-Reifeirméisean.
10. Ainmnigh DHÁ éacht a rinne Sir Francis Drake.
11. Tabhair cúis AMHÁIN gur éirigh muintir na hÍsiltíre amach in aghaidh na Spáinne.
12. Tabhair cúis AMHÁIN leis an gceannas a bhí bainte amach ag Moscú ar na stáit Rúiseacha eile sa 16ú haois.
13. Ainmnigh athrú suntasach AMHÁIN i gcogaíocht a tharla san Eoraip sa 16ú haois.
14. Cad a bhí i gComhcheilg an Phúdair, 1605?
15. Tabhair cúis AMHÁIN le briseadh amach an Chogaidh Tríocha Bliain.

## E

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)

*Scríobh alt gairid i dtaobh gach ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas. Is fiú 20 marc an ceann iad.*

1. Mar a dhaingnigh Ferdinando agus Isabella an chumhacht ríoga sa Spáinn.
2. Gabháil Mheicsiceo NÓ Pheiriú ag na Spáinnigh.
3. An Reifeirméisean in Albain.
4. Comhairle Trento.
5. Síocháin Augsburg, 1555.
6. Galileo.

## F

(Uasmhéid ama a mholtar: 50 nóiméad)

*Déan trácht ar gach ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas. Is fiú 60 marc an ceann iad*

1. An Renaissance san Iodáil faoi GACH ceann de na ceannteidil seo a leanas:
   (i) An fáth ar thosaigh an Renaissance san Iodáil.
   (ii) Forbairtí i bpéintéireacht.
   (iii) Forbairtí i ndealbhóireacht NÓ in ailtireacht.
2. Renaissance an Tuaiscirt.
3. Martain Liútar agus an Reifeirméisean sa Ghearmáin.
4. Na Turcaigh Otamánacha faoi GACH ceann de na ceannteidil seo a leanas:
   (i) Gabháil Constantinople, 1453.
   (ii) An fáth ar éirigh Impireacht na nOtamánach cumhachtach.
   (iii) Cath Lepanto, 1571.
5. An pháirt a ghlac Pilib II, 1556-1598, i stair na Spáinne.
6. Anraí IV na Fraince, 1589-1610, faoi GACH ceann de na ceannteidil seo a leanas:
   (i) An chaoi ar tháinig sé i gcumhacht mar Rí na Fraince.
   (ii) An chaoi ar dhéileáil sé le fadhbanna creidimh sa Fhrainc.
   (iii) Mar a chuir sé le cumhacht na monarcachta sa Fhrainc.

## CÚRSA II
### Sibhialtacht na Linne Seo
### (Stair na hÉireann, 1868-1966; Stair na hEorpa, 1870-1966)

Freagair **GACH** ceann de na ceisteanna **A,B,C,D,E,F.**
Do stair na hÉireann a thagraíonn **A, B** agus **C; do stair na hEorpa a thagraíonn D, E** agus **F.**

---

### A

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)
*Freagair go hachomair OCHT gcinn díobh seo a leanas. Is fiú 5 marc an ceann iad. Is leor abairt nó dhó i ngach cás.*

1. Cén fheidhm a bhí ag Caisleán Bhaile Átha Cliath i gcúrsaí na hÉireann suas go dtí 1922?
2. Foilseacháin Bhriotanacha sa 19ú haois ba ea *Illustrated London News* agus *Punch*. I gcás CEANN AMHÁIN de na foilseacháin sin abair conas a rinne sé cur síos ar imeachtaí in Éirinn.
3. Ainmnigh cúis AMHÁIN, bunaithe ar stair na hÉireann, ar thug W.E. Gladstone *bliain strus agus stró* ar an mbliain 1886.
4. Ainmnigh athrú tábhachtach AMHÁIN i mbainistíocht na gceantar áitiúil a tháinig as an Acht Rialtais Áitiúil, 1898.
5. Cad a bhí sa *Chonradh agus Cúnant Sollúnta*, 1912?
6. Ainmnigh tionchar AMHÁIN i gcúrsaí eacnamaíochta nó sóisialta a bhí ag an gCéad Chogadh Domhanda ar Éirinn.
7. Bhíodh an dearg-ghráin ag na páirtithe ar a chéile sna togcháin in Éirinn i bhfichidí an chéid seo. Tabhair cúis AMHÁIN leis seo.
8. Mínigh slí AMHÁIN a raibh tionchar ag an *gCogadh Eacnamaíoch*, 1932-1938, ar gheilleagar na hÉireann.
9. Cérbh iad na Léinte Gorma?
10. Ainmnigh DHÁ chinneadh a rinne Rialtas na hÉireann i rith an Dara Cogadh Domhanda, 1939-1945.
11. D'ionsaigh Winston Churchill seasamh neodrach na hÉireann sa Dara Cogadh Domhanda le linn dó a bheith ag craoladh ar an raidió, ar an 13 Bealtaine, 1945. Cén freagra a thug Eamon de Valera ar an gcraoladh seo?
12. Cén fáth nár éirigh le hiarratas na hÉireann chun bheith ina bhall de Eagras na Náisiún Aontaithe sa bhliain 1946?
13. Ainmnigh éacht AMHÁIN a rinne an tAire Oideachais, Donnchadh Ó Máille.
14. Ainmnigh BEIRT a bhí ina Uachtaráin ar Éirinn idir 1937 agus 1966.
15. Cén ghné den ghníomhaíocht dhaonna a shamhlaíonn tú le GACH duine de BHEIRT díobh seo a leanas: Anna Parnell; Sir Horace Plunkett; James Joyce; Ernest Walton; Seán Ó Riada; Sybil Connolly; Ronnie Delaney.

---

### B

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)
*Scríobh alt gairid i dtaobh gach ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas. Is fiú 20 marc an ceann iad*

1. Na hiarrachtaí a rinne Gladstone Éire a "chiúiniú" i rith a chéad rialtais, 1868-1874.
2. Cogadh na Talún, 1879-1882.
3. Stailc agus Frithdhúnadh na bliana 1913.
4. Bunreacht na hÉireann (Bunreacht na bliana 1937.)
5. Nollaig de Brún.
6. Tuaisceart Éireann, 1945-1966.

---

### C

(Uasmhéid ama a mholtar: 50 nóiméad)
*Déan trácht ar gach ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas. Is fiú 60 marc an ceann iad.*

1. Rialtas Dúchais agus Aontachas faoi GACH ceann de an ceannteidil seo a leanas:
   (i) Gluaiseacht an Rialtais Dúchais faoi Isaac Butt.
   (ii) Ceannas Parnell ar ghluaiseacht an Rialtais Dúchais.
   (iii) Na cúiseanna gur chuir na hAontachtaithe in aghaidh Rialtais Dúchais.
2. An chaoi ar chuidigh Cumann Lúthchleas Gael, Conradh na Gaeilge, agus an Ghluaiseacht Liteartha Angla-Éireannach le fás an náisiúnachais chultúrtha in Éirinn.
3. Éire, 1916-1923, faoi GACH ceann de na ceannteidil seo a leanas:
   (i) Éirí amach na bliana 1916.
   (ii) Cogadh na Saoirse, 1919-1921.
   (iii) An Cogadh Cathartha in Éirinn, 1922-1923.
4. Mar a dhéileáil Cumann na nGaedheal le linn dóibh a bheith i gcumhacht, 1923-1932, le
   (i) Cúrsaí Angla-Éireannacha.
   (ii) Geilleagar na tíre.
5. Tuaisceart Éireann, 1920-1945, faoi GACH ceann de na ceannteidil seo a leanas:
   (i) Geilleagar an Tuaiscirt, 1920-1939.
   (ii) Caidreamh idir an dream a bhí i bhfábhar na hAontachta agus iad sin a bhí ina coinne, 1920-1939.
   (iii) An tionchar a bhí ag an Dara Cogadh Domhanda, 1939-1945, ar Thuaisceart na hÉireann.
6. An pháirt a ghlac Seán Lemass i gcúrsaí na hÉireann anuas go dtí an bhliain 1966.

## D

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)

*Freagair go hachomair OCHT gcinn díobh seo a leanas. Is fiú 5 marc an ceann iad. Is leor abairt nó dhó i ngach cás.*

1. Tabhair cúis AMHÁIN gur tháinig méadú ar dhaonra na hEorpa sa tréimhse, 1870-1914.
2. Ainmnigh DHÁ shlí ar tháinig feabhas ar an daonlathas i Sasana sa tréimhse, 1870-1914.
3. Cén fáth ar tugadh *fear breoite na hEorpa* ar Impireacht na Tuirce sa tréimhse, 1870-1914?
4. Mínigh cúis AMHÁIN go raibh tionchar níos mó ná riamh ag nuachtáin ar thuairimí an phobail sa tréimhse, 1870-1914.
5. Cén fáth ar chabhraigh rialtas na Gearmáine le Lenin filleadh ar an Rúis sa bhliain 1917?
6. Cad a bhí sa Pholasaí Eacnamaíoch Nua (N.E.P.) a chuir Lenin i bhfeidhm sa Rúis Shóivéadach sa bhliain 1921?
7. Ainmnigh DHÁ dheacracht a bhí le sárú ag an nGearmáin le linn Phoblacht Weimar, 1919-1933.
8. Cén chaoi a raibh tionchar ag Tobthitim Wall Street, 1929, ar an Eoraip?
9. Cad a tharla sa Ghearmáin *Oíche na Sceana Fada*?
10. Cén bhrí a bhí le *comhfheirmeoireacht* sa Rúis le linn do Stalin a bheith i gcumhacht?
11. Tabhair cúis AMHÁIN gur éirigh leis na Náisiúnaithe faoi cheannas Franco Cogadh Cathartha na Spáinne a bhuachain, 1936-1939.
12. Tabhair cúis AMHÁIN gur tháinig Stáit Aontaithe Mheiriceá isteach sa Dara Cogadh Domhanda sa bhliain 1941.
13. Cad a bhí i *nGéarchéim Shuais*, 1956?
14. Ainmnigh rud AMHÁIN a rinne Charles de Gaulle, le linn dó bheith ina Uachtarán ar an bhFhrainc, chun neamhspleáchas na tíre i gcúrsaí eachtracha a léiriú.
15. Cén ghné den ghníomhaíocht dhaonna a shamhlaíonn tú le GACH duine de BHEIRT díobh seo a leanas: Marie Curie; Roald Amundsen; Dylan Thomas; Greta Garbo; Pablo Picasso.

## E

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)

*Scríobh alt gairid i dtaobh gach ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas. Is fiú 20 marc an ceann iad.*

1. Na deacrachtaí a bhí le sárú ag an Impireacht Ostra-Ungarach, 1870-1914.
2. Na cúiseanna go mbíodh na cumhachtaí Eorpacha ag lorg coilíneachtaí thar lear, 1870-1914.
3. Éirí Amach na bliana 1905 sa Rúis.
4. Na cúiseanna go raibh an Ghearmáin mí-shásta le Conradh Versailles, 1919.
5. Konrad Adenauer, Seansiléar ar an Iarghearmáin, 1949-1963.
6. An A.P.S.S. faoi Nikita Khrushchev.

## F

(Uasmhéid ama a mholtar: 50 nóiméad)

*Déan trácht ar gach ceann de DHÁ cheann díobh seo a leanas. Is fiú 60 marc an ceann iad.*

1. An Fhrainc, 1870-1914, faoi GACH ceann de na ceannteidil seo a leanas:
   (i) An chúis gur chaill an Fhrainc an Cogadh Franc-Phrúiseach, 1870-1871.
   (ii) Scannail pholaitíochta.
   (iii) Forbairtí i gcúrsaí cultúrtha.
2. Otto von Bismarck.
3. An Chéad Chogadh Domhanda faoi GACH ceann de na ceannteidil seo a leanas:
   (i) Cogaíocht sna trínsí.
   (ii) An Cogadh ar an bhfarraige.
   (iii) Na torthaí a bhí ag an gCéad Chogadh Domhanda san Eoraip.
4. Benito Mussolini faoi GACH ceann de na ceannteidil seo a leanas:
   (i) Mar a tháinig sé i gcumhacht san Iodáil.
   (ii) An chaoi ar rialaigh sé an Iodáil.
   (iii) A pholasaí eachtrach.
5. An pháirt a ghlac an Bhreatain Mhór sa Dara Cogadh Domhanda, 1939-1945.
6. An Cogadh Fuar, 1945-1966.